Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022
(OR. fr, en)

9524/1/22
REV 1

RECH 305
COMPET 405
RELEX 696
DEVGEN 102

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9163/22 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le luachanna agus prionsabail le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht<br>*Formheas* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ullmhaíodh na conclúidí ón gComhairle maidir le prionsabail agus luachanna le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht ag féachaint don Chomhairle Iomaíochais atá beartaithe don 10 Meitheamh 2022. Tá na dréachtchonclúidí sin i gcomhréir leis na conclúidí ón 28 Meán Fómhair 2021 maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith taighde agus nuálaíochta – Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach[1], inar iarradh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a bheith rannpháirteach i bpróiseas an chomhdhearaidh chun príomhphrionsabail agus príomhluachanna an Aontais a fhorbairt a thuilleadh ar mhaithe leis an gcomhar idirnáisiúnta i dtaca le T&N.

[1] 12301/21

2. Déanann na conclúidí seo obair leantach freisin ar Mholadh (AE) 2021/2122 ón gComhairle maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um nuálaíocht san Eoraip[2], inar moladh do na Ballstáit sraith luachanna agus prionsabal a chur i bhfeidhm le haghaidh T&N san Aontas, i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí.

3. Forbraítear sna conclúidí seo na luachanna agus na prionsabail a cuireadh faoi bhráid na nAirí atá freagrach as taighde i gcomhthéacs Dhearbhú Marseille maidir le comhar idirnáisiúnta i T&N ag an gcruinniú a bhí acu an 8 Márta 2022. Iarrann siad go háirithe go ndéanfaí idirphlé iltaobhach le príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais ar bhonn na luachanna agus na bprionsabal sin.

4. Ina theannta sin, i gceangal leis na conclúidí tá ráiteas ón gComhairle (9524/22 ADD 1) a bhaineann le tionchar fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin ar T&N. Ós rud é go bhfuil uainiú luachanna agus prionsabail an chomhair idirnáisiúnta éagsúil ó uainiú na coinbhleachta san Úcráin, measadh gurb iomchuí dearbhú ar leith a ghlacadh maidir leis an tsaincheist reatha seo, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sí.

## II. STAID NA hIMEARTHA

5. Leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, atáirgtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le 9163/22, arna dhearbhú ag Coiste na mBuanionadaithe an 25 Bealtaine 2022. Chinn an Coiste na dréachtchonclúidí sin a chur chuig an gComhairle Iomaíochais lena bhformheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 10 Meitheamh 2022.

6. Chuir toscaireacht na Polainne in iúl go bhfuil sé ar intinn aici ráiteas a chur isteach i miontuairiscí na Comhairle maidir leis an léirmhíniú ar 'inscne' i mír 8 den leagan Béarla de théacs na gconclúidí (9524/22 ADD2).

[2] IO 431, 2.12.2021

## III. CONCLÚID

7. Iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas), dá bhrí sin, na conclúidí seo a fhormheas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le luachanna agus prionsabail le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI

– na conclúidí uaithi an 28 Meán Fómhair 2021 maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta – Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach[3], inar shainaithin sí príomhphrionsabail agus príomhluachanna comhroinnte an Aontais sa chomhar idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta (T&N) agus inar iarr sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún páirt a ghlacadh i bpróiseas an chomhdhearaidh chun iad a fhorbairt a thuilleadh;

– Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle maidir le Comhshocrú um Thaighde agus Nuálaíocht san Eoraip[4], inar mhol sí do na Ballstáit sraith luachanna agus prionsabal do T&N san Aontas a chur i bhfeidhm, i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí agus iad a chur chun cinn ina gcuid idirghníomhaíochtaí le tríú tíortha chun cothrom na Féinne agus creatdálaí comhchoiteanna a bhaint amach;

[3] 12301/21
[4] IO L 431, 2.12.2021

**Réamhrá**

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an gcomhar idirnáisiúnta maidir le T&I an méid seo a leanas a chur chun cinn: luachanna daonlathacha agus comhar don tsíocháin, baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030, rochtain ar an eolas is cothroime le dáta chomh maith le comhoibriú idir daoine tréitheacha agus a gcúrsaíocht ar fud an domhain, go háirithe taighdeoirí óga; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá le comhar idirnáisiúnta maidir le T&N chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, go gcruthaítear leis deiseanna eacnamaíocha i margaí seanbhunaithe agus i margaí atá ag teacht chun cinn agus go gceadaítear leis ról domhanda an Aontais a threisiú tríd an taidhleoireacht eolaíochta; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil comhar idirnáisiúnta maidir le T&N ríthábhachtach le tionchar T&N a neartú chun beartais an Aontais a fhorbairt, chun tacú leo agus chun iad a chur chun feidhme agus gur féidir leis ról tábhachtach a bheith aige i ndáil le cuspóirí uileghabhálacha a bhaint amach, go háirithe cuspóirí comhshaoil agus aeráide; AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag an taidhleoireacht eolaíochta, *inter alia*, maidir le tionchar an Aontais a threisiú mar chomhpháirtí iontaofa domhanda san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht;

2. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an uaillmhian atá ag taighdeoirí agus baill foirne, nuálaithe, acadóirí agus mic léinn eile taighde agus forbartha comhoibriú go hidirnáisiúnta; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh siad in ann oibriú gan bhac lena gcomhpháirtithe ó thríú tíortha i dtimpeallacht atá bunaithe ar phrionsabail agus luachanna arna gcomhroinnt ag na gníomhaithe ar fad chun comhar cothrom a áirithiú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tacú le hinstitiúidí ardoideachais, le bonneagar taighde agus bonneagar teicneolaíochta, agus le heagraíochtaí a dhéanann taighde agus teicneolaíocht trí chur chuige comhordaithe Eorpach d'fhonn comhoibriú cothrom a bhaint amach a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh, rud atá mar chuid de chumhacht bhog an Aontais agus dá acmhainn mar cheannródaí i dtaca le caighdeáin dhomhanda.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá comhar maidir le T&N le tíortha atá comhlachaithe le Clár Réime an Aontais do thaighde agus nuálaíocht agus le tíortha a bhfuil caidreamh seanbhunaithe acu leis an Aontas agus le tríú tíortha a bhfuil na prionsabail agus luachanna céanna acu d'fhonn iad a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta, i gcomhthéacs an chur chuige dhomhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá atá le comhar idirnáisiúnta maidir le T&N a athchothromú, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn na cómhalartachta agus chothrom na Féinne, de réir an phrionsabail 'a oscailte is féidir, a iata is gá'; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na prionsabail agus na luachanna mar a cuireadh i láthair iad ag Comhdháil Aireachta Marseille an 8 Márta 2022 maidir le Cur Chuige Domhanda i leith Taighde, Nuálaíochta agus Ardoideachais agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart comhar idirnáisiúnta maidir le T&N a mheas i bhfianaise phrionsabail agus luachanna an Aontais agus leasanna straitéiseacha an Aontais, go háirithe chun ceannasacht theicneolaíoch an Aontais agus uathriail straitéiseach an Aontais a chur chun cinn agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna;

**Prionsabail agus luachanna i gcomhar idirnáisiúnta maidir le T&N**

5. AITHNÍONN SÍ saoirse an taighde eolaíoch mar an ceart chun ceisteanna taighde a shainiú ar bhealach saor, chun modhanna taighde eolaíochta fónta a úsáid, chun dúshlán a thabhairt don ghaois thraidisiúnta agus chun smaointe agus teoiricí nua a mholadh; agus TACAÍONN SÍ le cearta na dtaighdeoirí torthaí agus sonraí an taighde sin a fhoilsiú, a roinnt, a scaipeadh agus a chur in iúl go hoscailte, lena n-áirítear trí oiliúint agus teagasc, agus chun bheith rannpháirteach in eagraíochtaí ionadaíocha gairmiúla nó acadúla gan a bheith curtha faoi mhíbhuntáiste ag an gcóras ina n-oibríonn siad nó trí aon chinsireacht nó idirdhealú;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir a thábhachtaí atá an eitic agus an tsláine agus ÁITÍONN SÍ ábhair imní eiticiúla a chur san áireamh sa chomhoibriú idirnáisiúnta eolaíoch agus acadúil, i measc nithe eile, nuair a bhaineann an obair thaighde le daoine is ábhair iad agus príobháideachas, le turgnamh ar ainmhithe nó leis an gcomhshaol, lena n-áirítear trí phróisis eiticiúla athbhreithnithe piaraí atá neamhspleách agus trédhearcach; CUIREANN SÍ I dTREIS go n-áirítear le sláine taighde gnéithe a bhaineann le hiontaofacht, macántacht, meas agus freagracht chun torthaí iontaofa taighde a fháil, ar bhealach trédhearcach in-atáirgthe, chun gníomhú in aghaidh scaipeadh na bréageolaíochtaí agus na mífhaisnéise, agus chun muinín san eolaíocht a fhorbairt agus a chothú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a gcomhar idirnáisiúnta maidir le T&N a bhunú ar an gCód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde;

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur príomhthiomantóir an chomhair idirnáisiúnta maidir le T&N é barr feabhais sa taighde; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór barr feabhais sa taighde a mheas freisin ar phrionsabail na heitice agus na sláine agus gur cheart é a chothú trí chúrsaíocht idirnáisiúnta taighdeoirí agus eolais a bheidh saor agus níos cothroime;

8. IARRANN SÍ go ndéanfaí idirdhealú ar bith a chomhrac agus CUIREANN SÍ I CHUN CINN an chuimsitheacht agus an comhionannas inscne, go háirithe comhdheiseanna i ngairmeacha agus gné na hinscne a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí T&N;

9. MOLANN SÍ an Eolaíocht Oscailte chun comhdhlúthú agus scaipeadh cómhalartach torthaí taighde a lorg trí chreataí agus straitéisí a dhíríonn ar rochtain oscailte agus láithreach ar fhoilseacháin eolaíocha, chomh maith le sonraí taighde a struchtúrú, a chaomhnú agus, a mhéid is féidir, a oscailt nó a roinnt i gcomhréir leis na prionsabail inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte (‘FAIR’) chomh maith le bogearraí agus cóid foinse; TACAÍONN SÍ le bonneagair na heolaíochta oscailte, le rannpháirtíocht oscailte na saoránach sa phróiseas eolaíoch, le cumarsáid leis an tsochaí agus leis an nuálaíocht oscailte;

10. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit feabhas ar chosaint uilíoch agus forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla agus tionsclaíche a chothú agus a chur chun cinn, chomh maith leis an bpríobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint, chun tacú le cur chuige cothrom idir cosaint leasanna na ngeallsealbhóirí agus an tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a bhíonn ag luachshocrú eolais;

11. AITHNÍONN SÍ cruthú luacha agus tionchar sochaíoch agus eacnamaíoch a eascraíonn as taighde bunúsach agus as eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha trí tháirgí, seirbhísí, próisis agus réitigh, agus tríd an eolas eolaíoch a chuireann le ceapadh beartas atá fhianaisebhunaithe;
CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do T&N folláine daoine agus neacha beo eile a chur chun cinn i gcur chuige inbhuanaithe a thugann urraim fhrithpháirteach don chomhshaol agus d’acmhainní uile an phláinéid, don rathúnas eacnamaíoch agus sochaíoch, agus don aistriú eolais;

12. MOLANN SÍ freagracht na sochaí agus freagracht chomhshaoil agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit freagairt do riachtanais na sochaí ina gcomhar idirnáisiúnta maidir le T&N chun tairbhí sochaíocha agus comhshaoil níos fearr a bhaint amach agus chun rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí, na bpobal áitiúil agus na saoránach a chur chun cinn i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas, trí idirphlé eolaíochta agus gníomhaíochtaí cumarsáide a neartú chun tacú le muinín agus le rannpháirtíocht san eolaíocht agus sa nuálaíocht; MOLANN SÍ dlúthpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí go háirithe le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur príomhionstraim é an comhar idirnáisiúnta maidir le T&N a chuidíonn le geilleagar eolasbhunaithe a fhorbairt agus a threisiú sna tíortha sin;

13. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá bainistiú riosca agus slándáil; MOLANN SÍ go nglacfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit bearta chun trasnaíocht eachtrach a chomhrac agus chun na rioscaí a bhaineann go dlúth le comhar idirnáisiúnta maidir le T&N a bhainistiú, agus ag an am céanna réamhchúraimí leordhóthanacha a sholáthar maidir le slándáil an Aontais agus maidir le cearta maoine intleachtúla agus tionsclaíche a chosaint, agus na rialacha chun príobháideachas, sonraí pearsanta agus bonneagair a chosaint; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tarraingt ar na dea-chleachtais a sainaithníodh, mar shampla, sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Tackling R&I foreign interference* [Ag dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach ar T&N][5] agus iad a fhorbairt a thuilleadh chun tacú lena gcur chun feidhme;

**I dtreo idirphlé iltaobhach ar phrionsabail agus luachanna an chomhair idirnáisiúnta maidir le T&N le príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta**

14. IARRANN SÍ ar phríomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais i gcomhar maidir le T&N páirt a ghlacadh in idirphlé iltaobhach leis an Aontas ar bhonn na bprionsabal agus na luachanna sin, go háirithe chun cur le comhchreat láidir don chomhar idirnáisiúnta maidir le T&N atá cothrom agus chun tairbhe an dá thaobh ar mhaithe leis an tsíocháin, chun bonn coiteann a bhunú d'urramú prionsabal agus luachanna, chun bunú chothrom na Féinne a chothú, chun dlúthpháirtíocht le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim a threisiú, agus chun oibriú le chéile chun aon trasnaíocht eachtrach in T&N a chomhrac;

---

[5] 5396/22

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an t-idirphlé iltaobhach sin a ullmhú i gcur chuige comhordaithe idir an tAontas agus a Bhallstáit trí fhoghrúpa buan Fhóram LET don chur chuige domhanda i leith T&N.